Uimhir 4 *de* 2011

AN tACHT UM THACAÍOCHT DO MHIC LÉINN, 2011

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Caiteachais.
4. Rialacháin.
5. Ionstraimí a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
6. Aisghairm agus socruithe idirthréimhseacha.
7. Foras ceadaithe.
8. Cúrsa ceadaithe.
9. Féadfaidh an tAire an t-údarás dámhachtana a cheapadh.
10. Ordú lena gceaptar údarás dámhachtana.
11. Fostaí nó fostaí téarma shocraithe de chuid údaráis dámhachtana cheaptha nó aistrithigh.
12. Údarás dámhachtana.
13. Comhaontuithe a bhaineann le comhlíonadh feidhmeanna áirithe.
14. Mac léinn — léiriú.

CUID 2

DEONTAIS

15. Airleacain d'údaráis dámhachtana.
16. Scéimeanna deontas.

17. Rialacháin maidir le hiarratais.

18. Iarratas ar dheontas agus deontas a dhámhachtain.

19. Athrú ar imthosca.

20. Achomhairc chuig oifigigh achomhairc.

21. Achomhairc chuig an mBord Achomhairc.

22. Oifigeach fiosrúcháin.

23. Cionta agus pionóis.

24. Fiach a ghnóthú.

25. An Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn.

26. Ceapachán sealadach chun an Bhoird Achomhairc.

27. Tuarascáil ón mBord Achomhairc.

CUID 3

ILGHNÉITHEACH

28. Sonraí pearsanta a phróiseáil.

29. Scéimeanna deontas a dhaingniú.

30. Pleananna rochtana agus beartas comhionannais.

SCEIDEAL 1

SCEIDEAL 2

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Uchtála, 2010	2010, Uimh. 21
Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005	
An tAcht um Shaoire Cúramóra. 2001	2001, Uimh. 19
An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010	2010, Uimh. 24
Achtanna na gCuideachtaí	
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003	
An tAcht um Míchumas, 2005	2005, Uimh. 14
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
Na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997	
An tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006	2006, Uimh. 25
Na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006	
An tAcht Léiriúcháin, 2005	2005, Uimh. 23
An tAcht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968	1968, Uimh. 24
An tAcht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1978	1978, Uimh. 26
An tAcht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1992	1992, Uimh. 19
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001	2001, Uimh. 37
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004	
Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007	2007, Uimh. 25
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005	
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1997, Uimh. 20
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006	
An Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003	2003, Uimh. 29
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001	2001, Uimh. 45
Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999	1999, Uimh. 26
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007	
Acht na nDídeanaithe, 1996	1996, Uimh. 17
Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992	1992, Uimh. 16
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001	
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007	
Acht na nOllscoileanna, 1997	1997, Uimh. 24
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha, 1930	1930, Uimh. 29

Uimhir 4 *de* 2011

AN tACHT UM THACAÍOCHT DO MHIC LÉINN, 2011

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN ÚDARÁIS DÁMHACHTANA D'ÍOC DEONTAS I gCÁSANNA ÁIRITHE LENA CHUMASÚ DO DHAOINE FREASTAL AR CHÚRSAÍ ÁIRITHE ARDOIDEACHAIS NÓ BREISOIDEACHAIS, DO BHUNÚ BORD ACHOMHAIRC AR A dTABHARFAR AN BORD ACHOMHAIRC I LEITH DEONTAS MAC LÉINN NÓ, SA BHÉARLA, *THE STUDENT GRANTS APPEALS BOARD*, D'AISGHAIRM NA nACHTANNA UM ÚDARÁIS ÁITIÚLA (DEONTAIS ARDOIDEACHAIS), 1968 go 1992 AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[2 *Feabhra,* 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú.

2.—San Acht seo—

forléireofar "Bord Achomhairc" de réir *alt 25(2)*;

forléireofar "oifigeach achomhairc" de réir *alt 20(1)*;

ciallaíonn "iarratasóir" mac léinn a dhéanann iarratas ar dheontas;

forléireofar "údarás dámhachtana ceaptha" de réir *alt 9*;

tá le "cúrsa ceadaithe" an bhrí a thugtar dó le *halt 8*;

tá le "foras ceadaithe" an bhrí a thugtar dó le *halt 7*;

ciallaíonn "údarás dámhachtana"—

(*a*) coiste gairmoideachais,

(*b*) údarás áitiúil, nó

(*c*) údarás dámhachtana ceaptha;

forléireofar "páirtnéir sibhialta" de réir an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

forléireofar "comhchónaitheoir" de réir alt 172(1) den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn "cúrsa" cúrsa staidéir nó oiliúna;

forléireofar "leanbh cleithiúnach" de réir *alt 16(7)*;

ciallaíonn "mac léinn cleithiúnach" iarratasóir nó aicme iarratasóra a bheidh sonraithe mar mhac léinn cleithiúnach i scéim arna déanamh ag an Aire faoi *alt 16*;

ciallaíonn "míbhuntáiste oideachasúil" na baic ar an oideachas de dhroim míbhuntáiste shóisialta nó eacnamaíoch a choisceann mic léinn ar thairbhe chuí a bhaint as an oideachas;

ciallaíonn "Comhaontú LEE" an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a síníodh in Oporto an 2 Bealtaine 1992 arna leasú de thuras na huaire;

tá le "achtachán" an bhrí a thugtar dó le halt 2 den Acht Léiriúcháin, 2005;

ciallaíonn "deontas" airgead arna íoc ag údarás dámhachtana le mac léinn nó le foras ceadaithe thar ceann an mhic léinn chun cabhrú leis an mac léinn gabháil do chúrsa ceadaithe san fhoras ceadaithe;

ciallaíonn "mac léinn neamhspleách" iarratasóir nó aicme iarratasóra a bheidh sonraithe mar mhac léinn neamhspleách i scéim arna déanamh ag an Aire faoi *alt 16*;

ciallaíonn "oifigeach fiosrúcháin" duine a cheapfar de bhun *alt 22*;

ciallaíonn "údarás áitiúil" comhairle contae nó comhairle cathrach de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn "Aire" an tAire Oideachais agus Scileanna;

folaíonn "tuismitheoir" caomhnóir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997, agus, i gcás linbh a uchtaíodh faoin Acht Uchtála, 2010 nó, i gcás gur uchtaíodh an leanbh lasmuigh den Stát, ciallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach;

ciallaíonn "forordaithe" forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo;

ciallaíonn "dul chun cinn"—

(*a*) an próiseas trína bhféadfaidh foghlaimeoirí dul chun cinn ó bhliain go bliain laistigh de chúrsa tar éis cuid den chúrsa a chríochnú go rathúil de réir mar a cheanglaítear le linn na bliana roimhe sin, nó

(*b*) an próiseas trína bhféadfaidh foghlaimeoirí aistriú ó chúrsa amháin go dtí cúrsa eile i gcás inarb airde leibhéal na dámhachtana a fhéadfar a dhéanamh ar an dara cúrsa a luaitear a chríochnú go rathúil ná an dámhachtain a fhéadfar a dhéanamh ar an gcúrsa céadluaite a chríochnú go rathúil;

forléireofar "ioncam ináirithe" de réir *alt 16(4)(a)(iv)*;

forléireofar "Aire iomchuí" de réir *alt 9(8)*;

forléireofar "mac léinn" de réir *alt 14(1)*;

forléireofar "údarás dámhachtana aistritheach" de réir *alt 9(1)*;

ciallaíonn "táillí teagaisc" táillí agus muirir a cheanglaítear ar mhac léinn a íoc d'fhonn a bheith páirteach i gcúrsa agus é a chríochnú agus folaíonn sé táillí scrúduithe, muirir sheirbhíse mac léinn, táillí clárúcháin agus táillí léachtaí;

tá le "mac léinn teagaisc" a bhrí a thugtar dó le *halt 14(7)*;

ciallaíonn "coiste gairmoideachais" coiste arna bhunú faoi alt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha, 1930.

Caiteachais.

3.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Rialacháin.

4.—(1) Faoi réir an Achta seo, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó rud dá dtagraítear san Acht seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán nó chun éifeacht a thabhairt don Acht seo.

Ionstraimí a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

5.—Déanfar gach ordú, rialachán nó scéim faoin Acht seo (seachas ordú faoi *alt 1(2)* nó *alt 25(1)*) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta nó a déanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú, an rialachán nó an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, an rialacháin nó na scéime, beidh an t-ordú, an rialachán nó an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi nó fúithi.

Aisghairm agus socruithe idirthréimhseacha.

6.—(1) Déantar na hachtacháin a shonraítear i *gcolún (2)* de *Sceideal 1* a aisghairm.

(2) Aon duine a bheidh ag freastal ar chúrsa agus a ndearnadh, roimh theacht i ngníomh don alt seo, deontas a dhámhachtain dó nó di chun freastal ar an gcúrsa—

(*a*) de bhun na n-achtachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, nó

(*b*) de bhun scéimeanna arna riaradh ag coiste gairmoideachais trínar cuireadh deontais ar fáil do mhic

léinn chun cabhrú leo freastal ar chúrsaí ardoideachais nó breisoideachais,

leanfaidh an duine sin, faoi réir théarmaí na n-achtachán nó na scéimeanna, den deontas lena mbaineann a fháil go dtí go mbeidh an cúrsa sin críochnaithe ag an duine agus ní dhéanfaidh sé nó sí iarratas ar dheontas seachas an deontas a bheidh á fháil aige nó aici.

(3) Maidir leis na hachtacháin dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus leis na scéimeanna dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)*, leanfaidh siad i bhfeidhm agus bainfidh siad le deontais a tugadh de bhun na n-achtachán sin agus na scéimeanna sin roimh theacht i ngníomh don alt seo go feadh an mhéid chéanna amhail is nár ritheadh an tAcht seo.

Foras ceadaithe.

7.—(1) San Acht seo, ciallaíonn "foras ceadaithe"—

(*a*) foras oideachais lena mbaineann, de bhun alt 4 d'Acht na nOllscoileanna, 1997, an tAcht sin,

(*b*) foras oideachais arna bhunú faoi alt 3 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 mar choláiste teicniúil réigiúnach lena mbaineann na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta, 1992 go 2006,

(*c*) Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath,

(*d*) foras oideachais sa Stát a fhaigheann deontas as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, de bhun scéime arna riaradh ag an Aire, chun cúrsaí oideachais agus oiliúna a sholáthar, ar a dtugtar, de thuras na huaire, cúrsaí iar-ardteistiméireachta,

(*e*) foras oideachais a sholáthraíonn ardoideachas agus ardoiliúint agus atá suite i mBallstát seachas an Stát agus atá á chothabháil nó ag fáil cabhrach trí dheontais athfhillteacha as cistí poiblí de chuid an Bhallstáit sin nó de chuid aon Bhallstáit eile lena n-áirítear an Stát, nó

(*f*) foras oideachais sa Stát a sholáthraíonn ardoideachas agus ardoiliúint agus atá arna fhorordú de thuras na huaire de bhun *fho-alt (2)*.

(2) I gcás ina mbeidh an tAire sásta déanamh amhlaidh—

(*a*) ag féachaint d'aon cheann de na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (3)*,

(*b*) tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Údarás um Ard-Oideachas, agus

(*c*) tar éis dó nó di toiliú an Aire Airgeadais a fháil,

féadfaidh sé nó sí foras oideachais a fhorordú mar fhoras is foras ceadaithe chun críocha an ailt seo.

(3) Is nithe de na nithe a luaitear i *bhfo-alt (2)* gach ceann díobh seo a leanas:

(*a*) cibé acu a fhaigheann an foras íocaíocht amháin nó níos mó ná íocaíocht amháin as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil agus méid na híocaíochta;

(*b*) beartas an fhorais i ndáil le rochtain ar oideachas san fhoras ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach, ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine ó earnálacha den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht shuntasach i gcuallacht na mac léinn;

(*c*) na cúrsaí agus na saoráidí a thairgeann an foras, nó a bheartaíonn an foras a thairiscint, do mhic léinn;

(*d*) cibé acu, roimh thosach feidhme an ailt seo, b'fhoras é an foras ar cuireadh deontais ar fáil i leith a chuid cúrsaí de bhun scéime arna riaradh ag údarás áitiúil nó ag coiste gairmoideachais trínar soláthraíodh deontais do mhic léinn chun cabhrú leo freastal ar na cúrsaí sin;

(*e*) an bhfuil an foras bunaithe chun críocha an ardoideachais, na hardoiliúna agus an taighde go príomha agus an ndéantar é a oibriú agus a bhainistiú ar bhonn seachas le haghaidh gnóchain airgeadais;

(*f*) an ga atá ann chun scileanna agus eolas a fhorbairt in earnálacha den gheilleagar nó den fhostaíocht a aithnítear mar earnálacha inar gá na scileanna agus an t-eolas sin a fhorbairt tar éis don Aire comhairle a fháil ó cibé duine, is duine a bhfuil leas nó saineolas aige nó aici i gcúrsaí oideachais nó i bhforbairt scileanna agus eolais, ar cuí leis an Aire dul i gcomhairle leis nó léi le haghaidh na comhairle sin;

(*g*) na hacmhainní atá ar fáil chun tacaíocht do mhic léinn a sholáthar;

(*h*) aon nithe eile is nithe cuí, i dtuairim an Aire, lena gcur i gcuntas ag féachaint don chuspóir daoine a chumasú chun freastal ar chúrsaí ardoideachais nó breisoideachais, don riachtanas caighdeáin oideachasúla a chothabháil agus don rannchuidiú a dhéanann an foras don ardoideachas sa Stát.

Cúrsa ceadaithe.

8.—(1) San Acht seo, ciallaíonn "cúrsa ceadaithe" cúrsa—

(*a*) a sholáthraíonn foras ceadaithe

(*b*) ar gá do mhac léinn, faoi réir *fho-alt (3)*, freastal air ar bhonn lánaimseartha, agus

(*c*) a forordaíodh mar chúrsa ceadaithe.

(2) Is iad na nithe seo a leanas nó aon nithe díobh na nithe a mbeidh aird ag an Aire orthu chun cúrsa a fhorordú de bhun *fho-alt (1)(c)*:

(*a*) cineál agus leibhéal na cáilíochta atá le dámhachtain don mhac léinn ar an gcúrsa a chríochnú go rathúil dó nó di;

(*b*) cibé acu, roimh theacht i ngníomh don Acht seo, ba chúrsa é an cúrsa ar soláthraíodh deontais do mhic léinn ina

leith, de bhun scéime arna riaradh ag údarás áitiúil nó coiste gairmoideachais, chun cabhrú leo freastal ar an gcúrsa;

(*c*) an gá atá ann chun scileanna agus eolas a fhorbairt in earnálacha den gheilleagar nó den fhostaíocht a aithnítear mar earnálacha inar gá na scileanna agus an t-eolas sin a fhorbairt tar éis don Aire comhairle a fháil ó cibé duine, is duine a bhfuil leas nó saineolas aige nó aici i gcúrsaí oideachais nó i bhforbairt scileanna agus eolais, ar cuí leis an Aire dul i gcomhairle leis nó léi le haghaidh na comhairle sin.

(*d*) an foras oideachais a chuireann an cúrsa ar fáil;

(*e*) fad an chúrsa;

(*f*) cibé acu is cúrsa fochéime nó cúrsa iarchéime an cúrsa;

(*g*) an bhfuil airgead arna mhaoiniú go poiblí á úsáid ag an bhforas oideachais sin chun an cúrsa a sholáthar;

(*h*) cibé acu a thagann dámhachtain ardoideachais agus ardoiliúna nó dámhachtain bhreisoideachais agus bhreisoiliúna den chúrsa;

(*i*) na hacmhainní atá ar fáil chun tacaíocht do mhic léinn a sholáthar;

(*j*) an líon uaireanta an chloig is gá do mhac léinn a chaitheamh ag freastal ar an gcúrsa;

(*k*) cibé acu a thagann den chúrsa cáilíocht a ndéantar aitheantas a thabhairt di—

(i) i gcás cáilíochta arna dámhachtain tar éis cúrsa a chríochnú go rathúil i bhforas seachas foras a luaitear in *alt 7(1)(e)*, de bhun socruithe, nósanna imeachta agus córas arb iad an creat cáilíochtaí iad de thuras na huaire arna bhunú agus arna chothabháil de bhun alt 7 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999,

(ii) i gcás cáilíochta arna dámhachtain tar éis cúrsa a chríochnú go rathúil i bhforas a luaitear in *alt 7(1)(e)*—

(I) má fhoráiltear leis na dlíthe sin don aitheantas sin ar an modh sin, ar mhodh dá bhforáiltear le dlíthe an Bhallstáit sin atá i gcomhréir leis na socruithe, na nósanna imeachta agus na córais dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, nó

(II) mura bhforáiltear leis na dlíthe sin don aitheantas sin ar an modh sin, ansin ar shlí eile de réir dhlíthe an Bhallstáit sin;

(*l*) aon nithe eile is nithe cuí, i dtuairim an Aire, lena gcur i gcuntas ag féachaint don chuspóir daoine a chumasú chun freastal ar chúrsaí ardoideachais nó breisoideachais, don riachtanas caighdeáin oideachasúla a chothabháil agus

don rannchuidiú a dhéanann soláthar sin an chúrsa don ardoideachas sa Stát.

(3) (*a*) D'ainneoin *fho-alt (1)(b)*, féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cúrsa nach gá do mhac léinn freastal air ar bhonn lánaimseartha a fhorordú mar chúrsa ceadaithe.

(*b*) Maidir le cúrsa arna fhorordú de bhun an fho-ailt seo—

(i) is cúrsa é a chuirtear ar fáil sa Stát, agus

(ii) is cúrsa fochéime é.

(*c*) Le linn don Aire cúrsa a fhorordú de bhun *fho-alt (a)*, beidh aird aige nó aici ar na nithe seo a leanas :

(i) na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* (seachas *mír (k)(ii)* den fho-alt sin);

(ii) a mhéid a chuideodh sé chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil an cúrsa a fhorordú;

(iii) a mhéid a chuideodh sé le daoine, agus a spreagfadh sé daoine, ó earnálacha den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht shuntasach i gcuallacht na mac léinn chun leas a bhaint as an ardoideachas, an cúrsa a fhorordú;

(iv) líon na modúl is féidir a chríochnú agus méid na gnóthachtála oideachasúla i ngach bliain acadúil den chúrsa;

(v) an méid oibre agus an méid teagmhála le múinteoirí agus teagascóirí is gá do mhac léinn a dhéanamh i ndáil leis an gcúrsa;

(vi) an tréimhse ama is gá chun an cúrsa a chríochnú nuair a chuirtear i gcomórtas é le cúrsa ar gá do mhac léinn freastal air ar bhonn lánaimseartha;

(vii) cibé acu a bheidh an cúrsa ar siúl in áitreabh an fhorais cheadaithe;

(viii) aon nithe eile is nithe cuí i dtuairim an Aire agus a bheidh le cur i gcuntas ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, agus an gá atá ann rochtain ar ardoideachas ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil a chur chun cinn.

(4) Chun críocha an Achta seo, agus faoi réir *fho-alt (5)*, is cúrsa iarchéime a chuirtear ar fáil sa Stát amháin aon chúrsa iarchéime is féidir a fhorordú de bhun *fho-alt (1)*.

(5) D'ainneoin *fho-alt (4)*, i gcás ina mbeidh an tAire sásta déanamh amhlaidh de bhrí go measann sé nó sí gur gá é ag féachaint d'aon cheann de na críocha iomchuí a luaitear i *bhfo-alt (9)*, féadfaidh sé nó sí cúrsa iarchéime a chuirtear ar fáil i dTuaisceart Éireann a fhorordú mar chúrsa ceadaithe.

(6) I gcás ina ndámhfar deontas chun freastal ar chúrsa iarchéime arna fhorordú de bhun *fho-alt (5)*, féadfaidh deontas i leith táillí

teagaisc a éireoidh maidir leis an gcúrsa a bheith ar áireamh sa deontas a dhámhfar.

(7) I gcás ina ndámhfar deontas chun freastal ar chúrsa iarchéime arna fhorordú de bhun *fho-alt (5)*, ansin déanfaidh an tAire, uair sa bhliain ar a laghad, athbhreithniú a sheoladh ar an gcúrsa chun a dheimhniú dó féin nó di féin go leanann sé de bheith ag comhall aon cheann de na críocha iomchuí a luaitear i *bhfo-alt (9)* agus, más rud é, de thoradh athbhreithnithe den sórt sin, nach deimhin leis an Aire amhlaidh—

(*a*) tarraingeoidh sé nó sí siar an deontas láithreach, agus

(*b*) déanfaidh sé nó sí rialacháin, a luaithe is féidir, lena gcúlghairfear, nó lena gcuirfear faoi deara ar shlí eile go scoirfidh, na rialacháin arb éard iad forordú an chúrsa iarchéime de bhun *fho-alt (5)*.

(8) Ní choiscfidh aon ní i *bhfo-alt (7)* ar mhac léinn a bhí ag fáil deontais a tarraingíodh siar de bhun an fho-ailt sin leanúint, faoi réir an Achta seo agus na scéime deontas a ndearnadh an deontas a dhámhachtain dá bun, de bheith ag fáil an deontais lena mbaineann go dtí go mbeidh an cúrsa ar ina leith a dámhadh an deontas air nó uirthi críochnaithe aige nó aici.

(9) Is iad na nithe seo a leanas na críocha iomchuí a mbeidh aird ag an Aire orthu le linn aon chúrsa iarchéime a fhorordú de bhun *fho-alt (5)* nó athbhreithniú a sheoladh de bhun *fho-alt (7)*:

(*a*) caoinfhulaingt agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn idir pobal an Stáit agus Thuaisceart Éireann;

(*b*) malartú smaointe a chur chun cinn idir pobal an Stáit agus Thuaisceart Éireann;

(*c*) tuiscint agus meas níos fearr ar an éagsúlacht cultúr ar oileán na hÉireann a chur chun cinn;

(*d*) lánpháirtiú agus comhoibriú níos fearr a chur chun cinn idir pobal an Stáit agus Thuaisceart Éireann.

Féadfaidh an tAire an t-údarás dámhachtana a cheapadh.

9.—(1) Féadfaidh an tAire—

(*a*) tar éis dó nó di na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a chur i gcuntas,

(*b*) tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire iomchuí, agus

(*c*) le toiliú an Aire Airgeadais,

le hordú comhlacht a cheapadh (dá ngairtear "údarás dámhachtana ceaptha" san alt seo) chun aon cheann nó gach ceann d'fheidhmeanna údaráis dámhachtana (dá ngairtear "údarás dámhachtana aistritheach" san alt seo) a chomhlíonadh.

(2) D'ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar le hordú ón Aire faoin bhfo-alt sin foráil a dhéanamh maidir le haon ní amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(*a*) údaráis dámhachtana cheaptha éagsúla chun feidhmeanna éagsúla a chomhlíonadh;

(*b*) údaráis dámhachtana aistritheacha éagsúla chun na feidhmeanna éagsúla sin a aistriú;

(*c*) teacht i ngníomh ar laethanta éagsúla chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Féadfaidh sé gur ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin díobh seo a leanas údarás dámhachtana ceaptha:

(*a*) coiste gairmoideachais;

(*b*) údarás áitiúil;

(*c*) bord, údarás nó comhlacht eile arna bhunú le hachtachán nó faoi achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí) agus a n-áirítear ar a fheidhmeanna tacú leis an ardoideachas nó leis an mbreisoideachas nó rannpháirtíocht san ardoideachas nó sa bhreisoideachas a chur chun cinn nó scéimeanna íocaíochtaí a riaradh;

(*d*) cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí, a bhfuil na scaireanna go léir inti ar seilbh—

(i) ag an Aire nó ag Aire iomchuí, nó thar a cheann nó thar a ceann nó i gcomhpháirt leis nó léi, nó

(ii) ag stiúrthóirí arna gceapadh ag an Aire nó ag Aire iomchuí nó thar a gceann, nó i gcomhpháirt leo, nó

(iii) ag bord, údarás nó cuideachta eile dá dtagraítear i *mír (c)*, nó thar a cheann nó thar a ceann, nó i gcomhpháirt leis nó léi,

agus a dtugtar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna le hachtachán nó faoi achtachán agus ar feidhmeanna iad ar a n-áirítear tacú leis an ardoideachas nó leis an mbreisoideachas nó rannpháirtíocht san ardoideachas nó sa bhreisoideachas a chur chun cinn nó scéimeanna íocaíochtaí a riaradh.

(4) Roimh ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an tAire, agus an gá le héifeachtúlacht, éifeachtacht agus barainneacht á chur i gcuntas aige nó aici, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

(*a*) cumas údarás dámhachtana, agus na hacmhainní a bheidh ar fáil d'údaráis dámhachtana, chun feidhmeanna arna dtabhairt dóibh leis an Acht seo nó faoin Acht seo a chomhlíonadh;

(*b*) na hacmhainní a bheidh ar fáil chun tacaíocht do mhic léinn a chur ar fáil;

(*c*) costais riaracháin;

(*d*) a inmhianaithe atá comhionannas caighdeán;

(*e*) más infheidhme, aon tuarascáil a thabharfar don Aire faoi *alt 12(4)*.

(5) I gcás ina n-aistrítear feidhm údaráis dámhachtana aistrithigh de bhun ordú faoi *fho-alt (1)*, ní bheidh an fheidhm faoi stiúradh,

faoi rialú nó faoi mhaoirseacht an údaráis aistrithigh sin níos mó tar éis an t-ordú a dhéanamh.

(6) Ní choiscfidh aon ní i *bhfo-alt (5)* ar an Aire a ordú, le hordú faoi *fho-alt (1)*, go ndéanfaidh údarás dámhachtana aistritheach ceann amháin nó an dá cheann de na nithe seo a leanas tar éis an t-ordú a dhéanamh:

(*a*) feidhm dá dtagraítear in *alt 10(2)* agus a bheidh san ordú a chomhlíonadh;

(*b*) leanúint de dheontais a íoc, a shonróidh an tAire san ordú, le mic léinn nó le haicme mac léinn a bheidh sonraithe amhlaidh agus go ceann tréimhse a bheidh sonraithe amhlaidh.

(7) Maidir le húdarás dámhachtana ceaptha agus údarás dámhachtana aistritheach is é an t-údarás dámhachtana ceaptha sin é agus an t-údarás dámhachtana aistritheach sin é chun críocha gach ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* agus ní choiscfear le haon ní san alt seo—

(*a*) maidir le húdarás dámhachtana aistritheach in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* gur údarás dámhachtana ceaptha é in aon ordú dá éis sin a dhéanfar faoin bhfo-alt sin, nó

(*b*) maidir le húdarás dámhachtana ceaptha in ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (1)* gur údarás dámhachtana aistritheach é in aon ordú dá éis sin a dhéanfar faoin bhfo-alt sin.

(8) San alt seo ciallaíonn "Aire iomchuí"—

(*a*) i gcás údaráis dámhachtana cheaptha is údarás áitiúil, an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus

(*b*) i gcás aon údaráis dámhachtana cheaptha eile, gach Aire den Rialtas a chomhlíonann feidhmeanna i ndáil leis an gcomhlacht sin.

Ordú lena gceaptar údarás dámhachtana.

10.—(1) Féadfar socrú a dhéanamh le hordú faoi *alt 9(1)* maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) cibé nithe is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun feidhmeanna a aistriú ón údarás dámhachtana aistritheach chuig an údarás dámhachtana ceaptha, agus

(*b*) cibé nithe eile a bheidh foghabhálach nó iarmhartach maidir leis an aistriú sin.

(2) D'ainneoin ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar socrú a dhéanamh le hordú faoi *alt 9(1)* maidir le ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na nithe seo a leanas:

(*a*) ordachán don údarás dámhachtana aistritheach chun cibé taifid, sonraí nó faisnéis a bhaineann le feidhm dá dtagraítear san ordú, nó aicme taifead, sonraí nó faisnéise den sórt sin, a sholáthar don údarás dámhachtana

ceaptha, agus sin laistigh de cibé tréimhse, a shonraítear san ordachán;

(*b*) i ndáil le talamh agus maoin—

(i) go mbeidh cibé talamh (nó cuid de) a bhaineann le feidhm dá dtagraítear san ordú, agus a bhí, díreach sula ndéantar an t-ordú, dílsithe don údarás dámhachtana aistritheach agus na cearta, na cumhachtaí agus na pribhléidí go léir a bhaineann nó a ghabhann leis an talamh sin, arna ndílsiú don údarás dámhachtana ceaptha gan tíolacadh, aistriú nó sannadh don eastát agus don leas uile dá raibh sé dílsithe san údarás dámhachtana aistritheach ach faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don talamh sin agus atá ar marthain agus inchomhlíonta,

(ii) go mbeidh cuid den mhaoin sin nó í go léir seachas talamh (lena n-áirítear ábhair i gcaingean), a bhaineann le feidhm dá dtagraítear san ordú, agus a bhí, díreach sula ndéantar an t-ordú, ina maoin de chuid an údaráis dámhachtana aistrithigh, gan aon aistriú nó sannadh, arna haistriú chuig an údarás dámhachtana ceaptha,

(iii) go bhféadfaidh an t-údarás dámhachtana ceaptha, tar éis an t-ordú a dhéanamh, agra a dhéanamh ina ainm féin i leith ábhair i gcaingean dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)*, é a ghnóthú nó é a chur i bhfeidhm agus ní gá don údarás dámhachtana ceaptha fógra faoin aistriú a dhéantar leis an ordú a thabhairt don duine atá faoi cheangal ag aon ábhar i gcaingean den sórt sin, nó

(iv) go ndéanfar airgead, stoic, scaireanna nó urrúis dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)* agus, atá, díreach sula ndéanfar an t-ordú, in ainm an údaráis dámhachtana aistrithigh a aistriú, ar iarraidh ón údarás dámhachtana ceaptha, chuig ainm an údaráis dámhachtana cheaptha;

(*c*) go bhféadfaidh an t-údarás dámhachtana ceaptha agra a dhéanamh i leith cuid de cibé cearta nó dliteanais a bhaineann leis an bhfeidhm dá dtagraítear san ordú nó ina leith go léir, cuid díobh nó iad go léir a ghnóthú, nó cuid díobh nó iad go léir a chur i bhfeidhm, nó go bhféadfar agra a dhéanamh i leith cuid díobh nó ina leith go léir, cuid díobh nó iad go léir a ghnóthú nó cuid díobh nó iad go léir a chur i bhfeidhm i gcoinne an údaráis sin gan é a bheith riachtanach don údarás dámhachtana ceaptha fógra faoin ordú a thabhairt don duine a ndéantar a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas a aistriú;

(*d*) i ndáil le cuid de cibé conarthaí nó comhaontuithe a bhaineann le feidhm dá dtagraítear san ordú nó leo go léir—

(i) an conradh nó an comhaontú arna dhéanamh idir an t-údarás dámhachtana aistritheach nó aon iontaobhaí nó gníomhaire de chuid an údaráis a

bheidh ag gníomhú thar a cheann, agus aon duine eile a bheidh i bhfeidhm díreach roimh lá déanta an ordaithe, do leanúint i bhfeidhm, nó

(ii) an conradh nó an comhaontú a fhorléiriú amhail is dá ndéanfaí an t-údarás dámhachtana ceaptha a chur in ionad an údaráis dámhachtana aistrithigh ann gan é a bheith riachtanach don údarás dámhachtana ceaptha fógra faoin ordú a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas;

(*e*) cuid de cibé imeachtaí dlí a bhaineann le feidhm dá dtagraítear san ordú agus atá ar feitheamh i gcúirt nó i mbinse sula ndéantar an t-ordú inar páirtí an t-údarás dámhachtana aistritheach nó iad go léir a do leanúint ar aghaidh, trí ainm an údaráis dámhachtana cheaptha a chur in ionad ainm an údaráis dámhachtana aistrithigh agus nach rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad;

(*f*) an t-údarás dámhachtana aistritheach d'ullmhú cibé cuntais chríochnaitheacha de chuid an údaráis sin a bhaineann le feidhm dá dtagraítear san ordú laistigh de thréimhse shonraithe agus an céanna a chur faoi bhráid cibé daoine a shonrófar san ordú lena n-áirítear an tAire, an tAire Airgeadais, an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Aire iomchuí, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an t-údarás dámhachtana ceaptha;

(*g*) faoi réir *alt 11*—

(i) fostaí, is fostaí de chuid an údaráis dámhachtana aistrithigh, díreach sula ndéantar an t-ordú, agus a chomhlíonann dualgais a bhaineann le feidhm dá dtagraítear san ordú, a aistriú chuig an údarás dámhachtana ceaptha;

(ii) conradh fostaíochta duine, is fostaí téarma shocraithe de chuid an údaráis dámhachtana aistrithigh, díreach sula ndéantar an t-ordú, agus a dhéanann dualgais a bhaineann le feidhm dá dtagraítear san ordú, a aistriú chuig an údarás dámhachtana ceaptha.

(3) San alt seo, tá le "fostaí téarma shocraithe" an bhrí a thugtar dó leis an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003.

Fostaí nó fostaí téarma shocraithe de chuid údaráis dámhachtana cheaptha nó aistrithigh.

11.—(1) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann, aon duine dá dtagraítear in *alt 10(2)(g),* ní lú tairbhe dó nó di, ar ordú faoi *alt 9(1)* a dhéanamh, na coinníollacha luacha saothair ar a gcuirfear é nó í ná na coinníollacha luacha saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh theacht i ngníomh don alt seo.

(2) Beidh seirbhís roimh ré de chuid duine dá dtagraítear in *alt 10(2)(g)* ináirithe chun críocha na n-achtachán seo a leanas, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh atá iontu:

(*a*) na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007;

(*b*) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001;

(*c*) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003;

(*d*) an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997;

(*e*) na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001;

(*f*) na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005;

(*g*) na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007;

(*h*) na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004;

(*i*) na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006;

(*j*) na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005;

(*k*) an tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001.

(3) Maidir le haon sochair aoisliúntais a dhámhfar do dhuine nó i leith duine dá dtagraítear in *alt 10(2)(g)* agus leis na téarmaí a bhaineann leis na sochair sin, ní lú fabhar iad ná na sochair agus na téarmaí sin ab infheidhme maidir leis an duine sin nó i leith an duine sin díreach roimh ordú a dhéanamh faoi *alt 9(1)*.

(4) Ar ordú faoi *alt 9(1)* a dhéanamh, tiocfaidh íocaíochtaí pinsin agus dliteanais aoisliúntais eile an údaráis dámhachtana aistrithigh i ndáil le duine dá dtagraítear in *alt 10(2)(g)* agus dá dtugtar post san údarás dámhachtana ceaptha faoin ordú, chun bheith ina ndliteanais de chuid an údaráis dámhachtana cheaptha.

(5) San alt seo, ciallaíonn "ceardchumann nó comhlachas foirne aitheanta" ceardchumann nó comhlachas foirne atá aitheanta ag an Aire chun críocha caibidlí a bhaineann le luach saothair nó le coinníollacha fostaíochta, nó le coinníollacha oibre fostaithe.

Údarás dámhachtana.

12.—(1) I dteannta aon fheidhmeanna eile a chomhlíonadh a thugtar dó leis an Acht seo, nó faoi, déanfaidh údarás dámhachtana na nithe seo a leanas—

(*a*) measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní a theastaíonn uaidh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo,

(*b*) nuair a iarrfaidh an tAire air déanamh amhlaidh, aon fhaisnéis a bheidh sonraithe san iarraidh maidir le hiarratais agus maidir leis an tslí ina ndéantar iad a phróiseáil a thabhairt don Aire agus d'aon duine eile a bheidh sonraithe amhlaidh,

(*c*) gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead a gheobhaidh sé nó ar chaiteachas an airgid sin arna thabhú aige i ndáil le deontais mac léinn,

(*d*) iniúchadh a dhéanamh ar chuntais agus tuarascáil iniúchóra a thabhairt don Aire nuair a iarrfaidh an tAire air déanamh amhlaidh,

(*e*) athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil oifigigh fiosrúcháin arna tabhairt dó faoi *alt 22(4)* agus gníomhú mar is cuí leis ag féachaint dá fheidhmeanna faoin Acht seo, agus

(*f*) aon fhaisnéis shonraithe a thabhairt don Aire i ndáil le himeachtaí a thionscnamh chun fiach a ghnóthú faoi *alt 24(3)*.

(2) Beidh ag údarás dámhachtana na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh nó a ghabhann lena gcomhlíonadh.

(3) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, beartais a fhoirmliú agus ordacháin a eisiúint chuig údarás dámhachtana maidir le deontais agus cuirfidh údarás dámhachtana na beartais agus na hordacháin sin i ngníomh le linn aon fheidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo nó faoi a chomhlíonadh.

(4) Déanfaidh an tAire, ó am go ham, daoine a cheapadh chun cigireachtaí, athbhreithnithe agus iniúchtaí tréimhsiúla a sheoladh i ndáil le comhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo ag údaráis dámhachtana agus chun tuarascáil a thabhairt don Aire i ndáil leis na cigireachtaí, na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí sin agus déanfaidh na daoine a cheapfar amhlaidh na cigireachtaí agus na hathbhreithnithe sin a sheoladh agus na tuarascálacha sin a thabhairt dá réir sin.

Comhaontuithe a bhaineann le comhlíonadh feidhmeanna áirithe.

13.—(1) Faoi réir *fho-alt (7)*, féadfaidh údarás dámhachtana, le comhaontú i scríbhinn arna dhéanamh le haon duine, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a bheidh sonraithe sa chomhaontú, foráil a dhéanamh maidir leis an duine sin do dhéanamh, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (más ann) a bheidh sonraithe amhlaidh, cibé feidhmeanna a thabharfar don údarás dámhachtana leis an Acht seo nó faoi agus a bheidh sonraithe amhlaidh, a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh foráil a bheith i gcomhaontú faoin alt seo maidir leis na híocaíochtaí (más ann) a bheidh le déanamh agus leis an duine lena mbaineann do dhiúscairt na n-íocaíochtaí sin chun feidhm a shonraítear sa chomhaontú a chomhlíonadh.

(3) Oibreoidh comhaontú faoin alt seo, a fhad a leanfaidh sé i bhfeidhm, chun an fheidhm a shonrófar amhlaidh a thabhairt agus a dhílsiú don duine lena mbaineann, go feadh an mhéid a shonrófar, agus faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a shonrófar, sa chomhaontú.

(4) Beidh feidhm a thabharfar do dhuine le comhaontú faoin alt seo in-chomhlíonta ag an duine ina ainm féin nó ina hainm féin ach sin faoi réir mhaoirseacht ghinearálta agus rialú ginearálta an údaráis dámhachtana.

(5) Leanfaidh feidhm a thabharfar do dhuine le comhaontú faoin alt seo, d'ainneoin an chomhaontaithe lena mbaineann, de bheith dílsithe don údarás dámhachtana ach beidh sí dílsithe amhlaidh i gcomhthráth don duine dá dtabharfar í leis an gcomhaontú sin agus sin sa chaoi go mbeidh ceachtar de na daoine sin in ann í a chomhlíonadh.

(6) Ní chuirfear deireadh le freagracht, nó ní mhaolófar freagracht, an údaráis dámhachtana don Aire maidir le feidhm de chuid an údaráis a chomhlíonadh ar an bhfeidhm a thabhairt do dhuine le comhaontú faoin alt seo.

(7) Sula ndéanfaidh sé comhaontú faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh údarás dámhachtana, i ndáil leis an gcomhaontú agus le haon téarmaí agus coinníollacha a bheidh ann, an méid seo a leanas—

(*a*) rachaidh sé i gcomhairle leis an Aire iomchuí, agus

(*b*) gheobhaidh sé ceadú roimh ré ón Aire agus ón Aire Airgeadais.

Mac léinn — léiriú.

14.—(1) San Acht seo, ciallaíonn "mac léinn" duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát agus a mbeidh glactha leis nó léi chun gabháil do chúrsa ceadaithe, nó a bheidh ag gabháil do chúrsa ceadaithe, i bhforas ceadaithe agus—

(*a*) ar náisiúnach é nó í—

(i) de Bhallstát,

(ii) de stát is stát conarthach sa Chomhaontú LEE,

(iii) de Chónaidhm na hEilvéise,

(*b*) ar dídeanaí nó duine eile é nó í atá de thuras na huaire i dteideal na gceart agus na bpribhléidí a shonraítear in alt 3 d'Acht na nDídeanaithe, 1996,

(*c*) ar duine é nó í, de bhun Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht le haghaidh Cosanta), 2006 (I.R. Uimh. 518 de 2006)—

(i) ar chinn an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ina leith go bhfuil sé nó sí cáilithe de thuras na huaire le haghaidh cosanta foghabhálaí de bhun Rialachán 4 de na Rialacháin sin, nó

(ii) dár dheonaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí cead de thuras na huaire i scríbhinn chun teacht isteach agus cónaí sa Stát de bhun Rialachán 16 de na Rialacháin sin,

(*d*) is duine arb é atá ann nó inti, i ndáil le duine dá dtagraítear i *mír* (*a*), duine de theaghlach atá forordaithe, faoi réir *fho-alt (2)* chun críocha na míre seo, nó

(*e*) is duine, seachas duine dá dtagraíonn *mír (a), (b), (c) nó (d)*—

(i) dár dheonaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí cead chun cónaí laistigh den Stát

de bhun cibé dlíthe atá i bhfeidhm de thuras na huaire, agus

(ii) is d'aicme daoine arna forordú ag an Aire, faoi réir *fho-alt 3* agus le toiliú an Aire Airgeadais, chun críocha na fomhíre seo.

(2) I gcás go bhfuil an tAire ag forordú aicme daoine mar dhuine de theaghlach chun críocha *fho-alt (1)(a)*, beidh aird aige nó aici ar na nithe seo a leanas go léir nó ar aon cheann díobh:

(*a*) an gaol atá ag an duine de theaghlach leis an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*;

(*b*) an bhfuil an duine de theaghlach i gcleithiúnas ar an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*;

(*c*) an bhfuil cead cónaithe ag an duine de theaghlach sa Stát de bhua gurb é nó í céile, páirtnéir sibhialta nó comhchónaitheoir an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* nó gur leanbh é nó í dá chuid nó dá cuid.

(3) I gcás go bhfuil an tAire ag forordú aicme daoine chun críocha *fho-alt (1)(e)(ii)*, beidh aird aige nó aici ar na nithe seo a leanas go léir nó ar aon cheann díobh:

(*a*) an tréimhse ar lena linn a raibh gnáthchónaí orthu sa Stát;

(*b*) an bonn ar ar deonaíodh cead chun cónaí laistigh den Stát dóibh;

(*c*) na coinníollacha ar dá mbun a deonaíodh cead chun cónaí laistigh den Stát dóibh;

(*d*) méid an cheangail ar dóigh a bheidh acu leis an Stát;

(*e*) an teideal atá acu chun sochar nó seirbhísí arna soláthar ag Aire den Rialtas, údarás áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó sealbhóir aon oifige nó comhlacht a bunaíodh—

(i) le haon achtachán nó faoi (seachas Achtanna na gCuideachtaí), nó

(ii) faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cumhachtaí a thugtar le haon achtachán eile nó faoi,

agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach le hairgead a sholáthraíonn Aire den Rialtas nó le hiasachtaí a dhéanann nó a ráthaíonn Aire den Rialtas nó le heisiúint scaireanna a shealbhaíonn Aire den Rialtas nó a shealbhaítear thar a cheann nó thar a ceann nó ag fochuideachta d'aon chomhlacht den sórt sin;

(*f*) an bhfuil rochtain acu ar oideachas ina stát tionscnaimh;

(*g*) na hacmhainní atá ar fáil chun tacaíocht do mhic léinn a sholáthar.

(4) Chun críocha *fho-alt (1)*, beidh gnáthchónaí ar dhuine sa Stát más rud é—

(*a*) go raibh cónaí ar an duine sa Stát ar feadh 3 bliana ar a laghad as an tréimhse 5 bliana dar críoch an lá roimh an dáta iomchuí, nó

(*b*) mura raibh cónaí ar an duine mar a thuairiscítear i *mír (a)*—

(i) go bhfuil cónaí go sealadach ar an duine lasmuigh den Stát de bhrí go bhfuil sé nó sí ag gabháil do chúrsa staidéir nó do thaighde iarchéime i bhforas oideachais lasmuigh den Stát ach laistigh de Bhallstát is cúrsa nó taighde as a dtiocfaidh cáilíocht a aithnítear de réir dhlíthe an Bhallstáit lena mbaineann maidir le cáilíochtaí a aithint a fhreagraíonn do na socruithe, na nósanna imeachta agus na córais dá dtagraítear in *alt 8(2)(k)(i)*, nó más rud é nach dtugtar aitheantas den sórt sin leis na dlíthe sin ar an modh sin, ansin ar shlí eile de réir dhlíthe an Bhallstáit sin, agus

(ii) go raibh cónaí ar an duine sa Stát ar feadh 3 bliana ar a laghad as an tréimhse 5 bliana dar críoch an lá sular thosaigh sé nó sí ar an gcúrsa staidéir nó ar an taighde iarchéime sin.

(5) Chun críocha *fho-alt (4)*, le linn d'údarás dámhachtana ceist a chinneadh i dtaobh gnáthchónaí sa Stát a bheith ar dhuine atá luaite i *bhfo-alt (6)*, ní bheidh teideal ag an duine aon sochar a fháil ó thréimhse láithreachta neamhdhleathaí sa Stát.

(6) Ní bhainfidh cinneadh na ceiste dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)* le duine—

(*a*) is saoránach Éireannach, nó

(*b*) is duine a bhfuil ceart bunaithe aige nó aici chun teacht isteach agus a bheith sa Stát faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine) (Uimh. 2), 2006 (I.R. Uimh. 656 de 2006), faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eachtrannaigh), 1977 (I.R. Uimh. 393 de 1977) nó faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceart Cónaithe do Dhaoine nach bhfuil Gníomhach ó thaobh an Gheilleagair de), 1997 (I.R. Uimh. 57 de 1997).

(7) San Acht seo, ciallaíonn "mac léinn teagaisc" mac léinn a fhéadfaidh deontas a fháil i leith táillí teagaisc, a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi i gceann de na stáit dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*, ar glacadh leis nó léi chun gabháil do chúrsa, agus atá ag gabháil do chúrsa, is cúrsa ceadaithe ardoideachais (seachas cúrsa ar a dtugtar, de thuras na huaire, cúrsa iar-ardteistiméireachta) i bhforas ceadaithe sa Stát agus a bhfuil feidhm ag mír *(a)*, *(b)*, *(c)*, *(d)* nó *(e) d'fho-alt (1)* maidir leis nó léi.

(8) Chun críocha *fho-alt (7)*, beidh gnáthchónaí ar mhac léinn teagaisc i gceann de na stáit dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* má bhí cónaí ar an mac léinn in aon cheann de na stáit ar feadh tréimhse nach giorra ná 3 bliana as an tréimhse 5 bliana dar críoch an lá roimh an dáta iomchuí.

(9) San alt seo, i ndáil le cúrsa ceadaithe a bhféadfaidh duine dá dtagraítear in *bhfo-alt (4)* nó mac léinn teagaisc iarratas a dhéanamh ar dheontas ina leith, ciallaíonn "dáta iomchuí" an dáta a thosaíonn bliain staidéir ar an gcúrsa ceadaithe.

CUID 2

DEONTAIS

Airleacain d'údaráis dámhachtana.

15.—(1) Féadfaidh an tAire, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí, i ngach bliain airgeadais cibé suim a cheadóidh an tAire Airgeadais a airleacan d'údarás dámhachtana as airgead a sholáthróidh an tOireachtas agus is suim nach mó ná an tsuim is gá faoi chomhair caiteachais arna thabhú ag an údarás dámhachtana le linn dó deontas a íoc.

(2) Féadfaidh an tAire, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí, i ngach bliain airgeadais cibé suim a cheadóidh an tAire Airgeadais a airleacan d'údarás dámhachtana, i gcás inar coiste gairmoideachais an t-údarás dámhachtana, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas agus is suim nach mó ná an tsuim is gá faoi chomhair caiteachais arna thabhú ag an údarás dámhachtana le linn dó aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh (seachas deontas a íoc).

(3) Féadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí, i ngach bliain airgeadais cibé suim a cheadóidh an tAire Airgeadais a airleacan d'údarás dámhachtana, i gcás inar údarás áitiúil an t-údarás dámhachtana, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas agus is suim nach mó ná an tsuim is gá faoi chomhair caiteachais arna thabhú ag an údarás dámhachtana le linn dó aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh (seachas deontas a íoc).

(4) Féadfaidh an tAire iomchuí, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh sé nó sí a bheith cuí, i ngach bliain airgeadais cibé suim a cheadóidh an tAire Airgeadais a airleacan d'údarás dámhachtana, i gcás inar údarás dámhachtana ceaptha an t-údarás dámhachtana, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas agus is suim nach mó ná an tsuim is gá faoi chomhair caiteachais arna thabhú ag an údarás dámhachtana le linn dó aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh (seachas deontas a íoc).

Scéimeanna deontas.

16.—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim nó scéimeanna deontas a dhéanamh.

(2) Féadfar le scéim:

(*a*) deontais nó aicmí deontas a shonrú a fhéadfar a dhámhachtain fúithi;

(*b*) aicme nó aicmí iarratasóirí a shonrú a bhféadfaidh mic léinn chleithiúnacha, mic léinn neamhspleácha, mic léinn aibí agus mic léinn teagaisc a bheith ar áireamh iontu;

(*c*) údarás dámhachtana nó aicmí údarás dámhachtana a shonrú a chomhlíonfaidh feidhmeanna a thugtar leis an Acht seo nó faoi i ndáil le deontais shonraithe nó aicmí sonraithe deontas;

(*d*) critéir a shonrú a bheidh le breithniú ag údarás dámhachtana le linn dó cinneadh a dhéanamh i dtaobh an mac léinn d'aicme áirithe iarratasóir;

(*e*) critéir a shonrú a bheidh le breithniú ag údarás dámhachtana le linn dó cinneadh a dhéanamh i dtaobh

an bhfuil iarratasóir cáilithe le haghaidh deontais, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag iarratasóir, ag a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí, ag a chéile nó a céile, ag a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta nó a chomhchónaitheoir nó a comhchónaitheoir, de réir mar a bheidh, chun go mbeidh an t-iarratasóir cáilithe amhlaidh;

(ii) an modh ina gcinnfear ioncam iarratasóra, a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí, a chéile nó a céile, a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta nó a chomhchónaitheora nó a comhchónaitheora, de réir mar a bheidh;

(*f*) an méid airgid a shonrú a bheidh le soláthar d'iarratasóir, nó thar ceann iarratasóra, i leith deontais a mbeidh sé nó sí lena aghaidh;

(*g*) coinníollacha a shonrú a gceanglaítear go leanfar de bheith á gcomhlíonadh chun go mbeidh iarratasóir cáilithe i gcónaí chun deontas a dhámhtar dó nó di a fháil;

(*h*) an tréimhse ama a shonrú a bhféadfaidh iarratasóir deontas, a mbeidh sé nó sí cáilithe lena aghaidh, a fháil lena linn;

(*i*) an tréimhse ama a shonrú a gcuirfear airgead ar fáil lena linn chun aicme deontas a mhaoiniú;

(*j*) foráil a dhéanamh maidir leis an modh ina mbeidh iarratas ar dheontas le déanamh agus leis an bhfaisnéis a bheidh le tabhairt ag iarratasóir i ndáil leis sin.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)(a)* nó *(b)*, le linn don Aire aicme nó aicmí iarratasóirí a shonrú, nó critéir a shonrú a bheidh le breithniú le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an mac léinn d'aicme áirithe iarratasóir, beidh aird ag an Aire ar na nithe seo a leanas nó ar aon nithe díobh, eadhon:

(*a*) aois an iarratasóra;

(*b*) a dhálaí nó a dálaí teaghlaigh nó pearsanta;

(*c*) an bhfuil daoine dá theaghlach nó dá teaghlach ann a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go dtabharfaidís tacaíocht don iarratasóir;

(*d*) an raibh nó an bhfuil sé nó sí á chothú nó á cothú féin;

(*e*) an raibh, agus a mhéid a bhí, sé nó sí in oideachas nó i bhfostaíocht lánaimseartha roimhe sin;

(*f*) gnóthachtáil oideachais an iarratasóra roimhe sin;

(*g*) aon nithe eile is nithe cuí, i dtuairim an Aire, lena gcur i gcuntas ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil agus don chuspóir daoine a chumasú chun freastal ar chúrsaí ardoideachais nó breisoideachais.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, maidir leis na critéir a shonróidh an tAire i scéim mar chritéir atá le breithniú ag údarás dámhachtana ionas go gcinnfidh sé an bhfuil iarratasóir cáilithe le haghaidh deontais, féadfar na critéir seo a leanas a áireamh orthu ach ní bheidh siad teoranta dóibh—

(*a*) maidir le hioncam:

(i) teorainneacha ioncaim, nach mbeidh an t-iarratasóir cáilithe le haghaidh deontais, má tá sé nó sí ag fáil ioncaim a sháraíonn an teorainn atá sonraithe;

(ii) á cheangal, i gcás inar mac léinn cleithiúnach an t-iarratasóir, go ndéanfar ioncam an iarratasóra agus a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí, de réir mar is cuí, a chur i gcuntas le linn ríomh a dhéanamh i dtaobh an sáraíonn an t-ioncam an teorainn atá sonraithe;

(iii) á cheangal, i gcás inar mac léinn neamhspleách an t-iarratasóir, go ndéanfar ioncam an iarratasóra agus a chéile nó a céile, a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta nó a chomhchónaitheora nó a comhchónaitheora, de réir mar is cuí, a chur i gcuntas le linn ríomh a dhéanamh i dtaobh an sáraíonn an t-ioncam an teorainn atá sonraithe;

(iv) an cion d'ioncam, nó an cineál ioncaim, de chuid iarratasóra, a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí, a chéile nó a céile, a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta nó a chomhchónaitheora nó a comhchónaitheora, de réir mar a bheidh, a bheidh le breithniú ag an údarás dámhachtana le linn ríomh a dhéanamh i dtaobh an sáraítear an teorainn atá sonraithe (agus, i scéim, tabharfar "ioncam ináirithe" ar an gcion sin d'ioncam nó ar an gcineál sin ioncaim);

(v) á cheangal go bhféadfar, nuair a bheidh teorainneacha ioncaim á sonrú, a mheas go bhfolaíonn ioncam ináirithe acmhainn, nó cion d'acmhainn, iarratasóra, a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí, a chéile nó a céile, a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta nó a chomhchónaitheora nó a comhchónaitheora, de réir mar is cuí;

(vi) i gcás ina gcónaíonn tuismitheoirí mic léinn chleithiúnaigh nó leanaí cleithiúnacha eile i dteaghlaigh ar leithligh, an modh ina ndéanfar, agus na críocha chun a ndéanfar, na socruithe atá ann maidir leis an mac léinn cleithiúnach nó leis na leanaí cleithiúnacha eile a chur i gcuntas;

(vii) á cheangal, mar choinníoll chun deontas a fháil, go bhfuil iarratasóir ag fáil sochair nó seirbhísí arna soláthar ag Aire den Rialtas, údarás áitiúil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó sealbhóir aon oifige nó comhlacht a bunaíodh—

(I) le haon achtachán nó faoi (seachas Achtanna na gCuideachtaí), nó

(II) faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cumhachtaí a thugtar le haon achtachán eile nó faoi,

agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach le hairgead a sholáthraíonn Aire den Rialtas nó le hiasachtaí a dhéanann nó a ráthaíonn Aire den Rialtas nó le heisiúint scaireanna a shealbhaíonn Aire den Rialtas nó a shealbhaítear thar a cheann nó thar a ceann nó ag fochomhlacht d'aon chomhlacht den sórt sin;

(*b*) an mac léinn atá ag dul chun cinn an t-iarratasóir;

(*c*) an bhfuil an t-iarratasóir ag fáil maoiniú, dámhachtana nó stipinne cheana féin nó an dócha go bhfaighidh sé nó sí an céanna, chun cuidiú leis nó léi gabháil dá oideachas nó dá hoideachas;

(*d*) an bhfuil an t-iarratasóir ag fáil maoiniú cheana féin, nó an dócha go bhfaighidh sé nó sí maoiniú, ó stát seachas an Stát faoi dhlí an stáit sin lena ndéantar foráil maidir le híocaíochtaí le mic léinn atá ar aon dul le deontais;

(*e*) gnóthachtáil acadúil an iarratasóra roimhe sin;

(*f*) freastal a rinne an t-iarratasóir roimhe sin ar chúrsaí ardoideachais nó breisoideachais, lena n-áirítear cúrsaí ceadaithe (ach gan a bheith teoranta dóibh);

(*g*) an duine faoi bhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach, duine faoi mhíchumas nó duine ó earnáil den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht shuntasach i gcuallacht na mac léinn, an t-iarratasóir;

(*h*) an mian leis an iarratasóir freastal ar chúrsa a aithníodh mar chúrsa atá riachtanach chun scileanna agus eolas a fhorbairt in earnálacha den gheilleagar nó den fhostaíocht atá aitheanta mar earnálacha inar gá an fhorbairt sin ag cibé duine, is duine a bhfuil leas nó saineolas aige nó aici i gcúrsaí oideachais nó i bhforbairt scileanna agus eolais, ar cuí leis an Aire dul i gcomhairle leis nó léi chuige sin;

(*i*) aon chritéir eile a moladh go sonródh an tAire iad de bhun comhairle a fuair an tAire ó cibé duine, is duine a bhfuil leas nó saineolas aige nó aici i gcúrsaí oideachais, ar cuí leis an Aire dul i gcomhairle leis nó léi le haghaidh na comhairle sin; agus

(*j*) aon chritéir eile is nithe cuí, i dtuairim an Aire, lena gcur i gcuntas ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil agus don chuspóir daoine a chumasú chun freastal ar chúrsaí ardoideachais nó breisoideachais.

(5) Féadfaidh an tAire, sa scéim lena mbaineann, critéir de bhreis ar chritéir dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* nó *(4)* a shonrú a bheidh le breithniú ag údarás dámhachtana chun go ndéanfaidh an t-údarás cinneadh i dtaobh an bhfuil iarratasóir cáilithe le haghaidh deontais chun freastal ar chúrsa ceadaithe faoi *alt 8(3)*, agus féadfaidh gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas a bheith ar áireamh sna critéir:

(*a*) stádas fostaíochta an iarratasóra, lena n-áirítear leibhéal a luach saothair nó—

(i) gur tháinig sé nó sí chun a bheith iomarcach dá ainneoin nó dá hainneoin,

(ii) go bhfuil sé nó sí dífhostaithe dá ainneoin nó dá hainneoin, nó

(iii) gur laghdaíodh a uaireanta nó a huaireanta oibre dá ainneoin nó dá hainneoin;

(*b*) neamhábaltacht an iarratasóra freastal ar ardoideachas ar bhonn lánaimseartha de bhua a bheith freagrach, go hiomlán nó go formhór, as cúram duine a dteastaíonn cúram agus aire lánaimseartha uaidh nó uaithi;

(*c*) go bhfuil an t-iarratasóir faoi mhíchumas (de réir bhrí an Achta um Míchumas, 2005) agus de dheasca an mhíchumais nach bhfuil sé nó sí ábalta freastal ar ardoideachas ar bhonn lánaimseartha;

(*d*) go raibh an t-iarratasóir faoi mhíbhuntáiste oideachasúil;

(*e*) gnóthachtáil acadúil an iarratasóra roimhe seo lena n-áirítear oideachas tríú leibhéal ar ghabh sé nó sí de roimhe seo;

(*f*) aon nithe eile ar nithe cuí iad, i dtuairim an Aire, le cur i gcuntas ag féachaint do na hacmhainní a bheidh ar fáil agus don chuspóir daoine a chumasú chun freastal ar chúrsaí ardoideachais.

(6) Chun critéir a shonrú nó foráil a dhéanamh maidir le nithe a bheidh le sonrú nó a mbeidh foráil le déanamh maidir leo faoi *fho-alt (2), (3), (4)* nó *(5)*, féadfaidh an tAire critéir éagsúla a shonrú nó foráil a dhéanamh maidir le nithe éagsúla i leith aicmí éagsúla deontas nó iarratasóirí.

(7) (*a*) San alt seo, ciallaíonn "leanbh cleithiúnach" leanbh, lena n-áirítear leanbh altrama, le duine dá dtagraítear i *mír (b)* ar leanbh é nó í, ar lá a bheidh le forordú—

(i) nach mbeidh aois 16 bliana slánaithe aige nó aici, nó

(ii) a mbeidh aois 16 bliana slánaithe aige nó aici, a chónaíonn le duine dá dtagraítear i *mír (b)*, agus

(I) a bheidh ag gabháil do chúrsa oideachais lánaimseartha, nó

(II) a mbeidh deimhnithe ag lia-chleachtóir cláraithe (de réir bhrí alt 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007) ina leith go bhfuil sé nó sí éagumasach go buan chun oibre mar gheall ar riocht sláinte.

(*b*) Maidir le leanbh cleithiúnach, is leanbh le duine acu seo a leanas é nó í, agus cónóidh sé nó sí le duine amháin, nó de réir mar a bheidh, le níos mó ná duine amháin acu:

(i) mac léinn neamhspleách;

(ii) céile mic léinn neamhspleách;

(iii) mac léinn cleithiúnach;

(iv) tuismitheoir amháin nó beirt tuismitheoirí an mhic léinn chleithiúnaigh.

(*c*) Maidir le lá a bheidh forordaithe chun críocha *mhír (a)*, is lá é nach luaithe ná 12 mhí roimh an lá ar a thosóidh mac léinn, ar leanbh iomchuí i ndáil lena iarratas nó lena hiarratas ar dheontas leanbh cleithiúnach, bliain staidéir i mbliain ar bith ar chúrsa ceadaithe.

Rialacháin maidir le hiarratais.

17.—(1) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, foráil le rialacháin maidir le cibé nithe a bhaineann le nós imeachta agus riarachán is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach i leith iarratas ó mhic léinn ar dheontais.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfar le rialacháin faoi *fho-alt (1)* foráil a dhéanamh maidir le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(*a*) an t-údarás dámhachtana a ndéanfaidh iarratasóir iarratas chuige;

(*b*) an dáta faoina mbeidh iarratas déanta;

(*c*) an fhaisnéis atá le cur ar fáil ag údarás dámhachtana d'iarratasóir i ndáil le hiarratas ar dheontas, le scéimeanna deontas, le hoibleagáidí lena n-áirítear na hoibleagáidí sin a eascraíonn faoi *alt 19(2)* nó *19(4)*, leis na himthosca ina scoirfear, de bhun an Achta seo, de dheontas a íoc, go hiomlán nó go páirteach, le pionóis i leith cionta faoin Acht seo, agus le dliteanas, faoi *alt 24*, an deontas a aisíoc.

(*d*) iarratasóir do dhéanamh faisnéis a éilítear leis an Acht seo nó faoi a chur faoi bhráid údaráis dámhachtana i leith iarratais ar dheontas;

(*e*) an t-iarratasóir do dhéanamh breis faisnéise a éileoidh údarás dámhachtana a chur faoina bhráid;

(*f*) fianaise a thabhairt ar aird chun sonraí faisnéise arna tabhairt ag iarratasóir d'údarás dámhachtana a fhíorú;

(*g*) na tréimhsí ama ar laistigh díobh a dhéanfar an fhaisnéis, breis faisnéise, nó fianaise a chur faoi bhráid an údaráis dámhachtana nó a thabhairt ar aird dó;

(*h*) an modh ina gcuirfidh an t-údarás dámhachtana a bhreith in iúl;

(*i*) aon ní eile is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach.

Iarratas ar dheontas agus deontas a dhámhachtain.

18.—(1) Déanfaidh iarratasóir iarratas ar dheontas chuig údarás dámhachtana.

(2) Ní fhéadfaidh iarratasóir iarratas a dhéanamh ar níos mó ná deontas amháin, nó níos mó ná deontas amháin a fháil, aon tráth áirithe.

(3) Tabharfaidh iarratasóir d'údarás dámhachtana an fhaisnéis phearsanta, teaghlaigh, airgeadais, agus an fhaisnéis eile, a lorgóidh an t-údarás i ndáil leis an iarratasóir, le céile, le páirtnéir sibhialta nó le comhchónaitheoir an iarratasóra, le gach tuismitheoir de chuid an iarratasóra, agus le haon leanbh cleithiúnach, agus tabharfaidh sé nó sí fianaise ar aird, i cibé foirm a fhorordófar, chun an fhaisnéis a fhíorú, ionas gur féidir leis an údarás cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil an t-iarratasóir cáilithe chun deontas a fháil.

(4) Déanfaidh údarás dámhachtana cinneadh i dtaobh an bhfuil iarratasóir cáilithe chun deontas a fháil, ag féachaint do na nithe seo a leanas—

(*a*) faisnéis arna tabhairt ag an iarratasóir de bhun an ailt seo,

(*b*) aon fhaisnéis eile i ndáil leis an iarratas, de réir mar is cuí, agus

(*c*) cibé critéir a shonrófar sna scéimeanna deontas iomchuí.

(5) Tabharfaidh údarás dámhachtana deontas d'iarratasóir ar chinn sé ina leith go bhfuil sé nó sí cáilithe le haghaidh deontais de cibé airgead, agus i leith cibé tréimhse ama, a shonrófar sa scéim iomchuí.

(6) I gcás go gcinnfidh an t-údarás dámhachtana—

(*a*) go bhfuil an t-iarratasóir cáilithe le haghaidh an deontais a ndearna sé nó sí iarratas ina leith, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn lena gcuirfear an cinneadh in iúl don iarratasóir agus déanfaidh sé socrú chun an deontas a íoc, nó

(*b*) nach bhfuil an t-iarratasóir cáilithe le haghaidh an deontais a ndearna sé nó sí iarratas ina leith, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir faoin gcinneadh agus na cúiseanna atá leis, agus faoin gceart atá ag an iarratasóir achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig oifigeach achomhairc.

Athrú ar imthosca.

19.—(1) Breithneoidh údarás dámhachtana faisnéis i ndáil le mac léinn atá ag fáil íocaíochta, nó atá le híocaíocht a fháil, i leith deontais a ndearnadh cinneadh i ndáil leis faoi *alt 18(6)(a)*, agus déanfaidh sé cinneadh, ag féachaint do cibé critéir a shonrófar sa scéim deontas iomchuí, i dtaobh an bhfuil an mac léinn cáilithe i gcónaí le haghaidh an deontais in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(*a*) tugtar fógra don údarás dámhachtana faoi *fho-alt (2)*,

(*b*) thug an mac léinn faisnéis faoi *fho-alt (4)*, nó mhainnigh sé nó sí, gan míniú sásúil, an fhaisnéis sin a thabhairt faoin bhfo-alt sin,

(*c*) tugtar tuarascáil ó oifigeach fiosrúcháin don údarás faoi *alt 22* nó

(*d*) tagann faisnéis iomchuí faoin mac léinn i seilbh an údaráis.

(2) Tabharfaidh mac léinn fógra i scríbhinn láithreach don údarás dámhachtana—

(*a*) má thagann an mac léinn ar an eolas, mar gheall ar aon athrú ábhartha ar imthosca an mhic léinn, nó, de réir mar a bheidh, ar imthosca chéile, pháirtnéir sibhialta nó chomhchónaitheoir an mhic léinn nó tuismitheora de chuid an mhic léinn—

(i) maidir le haon fhaisnéis a thug an mac léinn ina iarratas nó ina hiarratas, faoi *alt 18*, ar an deontas lena mbaineann, a bhféadfaí a bhreithniú ina leith le réasún go bhfearfadh sí ar dhámhachtain an deontais ar an mac léinn, nach bhfuil sí ceart a thuilleadh, nó

(ii) nach féidir a thuilleadh coinníollacha a chomhlíonadh a gceanglaítear go leanfar de bheith á gcomhlíonadh chun go mbeidh iarratasóir cáilithe i gcónaí chun deontas a dhámhtar dó nó di a fháil,

nó

(*b*) má thagann an mac léinn ar an eolas maidir le haon fhaisnéis a thug sé nó sí i ndáil leis féin nó léi féin, nó, de réir mar a bheidh, lena chéile nó lena céile, lena pháirtnéir sibhialta nó lena páirtnéir sibhialta, lena chomhchónaitheoir nó lena comhchónaitheoir, nó le tuismitheoir de chuid an mhic léinn, a bhféadfaí a bhreithniú ina leith le réasún go bhfearfadh sí ar dhámhachtain an deontais, go raibh sí mícheart,

faoin athrú ábhartha ar imthosca nó faoin bhfaisnéis nach raibh ceart.

(3) Féadfaidh údarás dámhachtana tráth ar bith fógra i scríbhinn a thabhairt do mhac léinn atá ag fáil íocaíochta, nó atá le híocaíocht a fháil, i leith deontais lena gceanglófar ar an mac léinn cibé faisnéis a thabhairt a shonrófar san fhógra agus is cuí leis an údarás, laistigh den tréimhse a shonrófar amhlaidh, chun a chinneadh an bhfuil an mac léinn cáilithe i gcónaí le haghaidh an deontais lena mbaineann.

(4) Déanfaidh mac léinn an fhaisnéis a éileoidh an t-údarás a thabhairt laistigh den tréimhse a shonrófar san fhógra.

(5) Féadfaidh údarás dámhachtana, i gcás inar cuí leis é sna himthosca go léir, scor, go hiomlán nó go páirteach, d'íocaíocht a thabhairt i leith deontais d'ainneoin nach ndearna sé cinneadh go fóill den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*.

(6) Le linn dó cinneadh a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh údarás dámhachtana cinneadh a dhéanamh maidir le mac léinn—

(*a*) go bhfuil sé nó sí cáilithe i gcónaí le haghaidh an deontais a ndearnadh cinneadh ina leith faoi *alt 18(6)(a)*, agus dá réir sin leanfaidh sé den deontas agus de riaráistí, más ann, a íoc atá dlite don mhac léinn i leith aon tréimhse faoi *fho-alt (5)* ar scoireadh den íocaíocht lena linn,

(*b*) nach bhfuil sé nó sí cáilithe le haghaidh deontais a ndearnadh cinneadh i ndáil leis faoi *alt 18(6)(a)* ach go bhfuil sé nó sí cáilithe le haghaidh deontais eile, agus déanfaidh sé, dá réir sin, de réir mar is cuí—

(i) an deontas a íoc a gcinnfidh an t-údarás dámhachtana go bhfuil an mac léinn cáilithe lena aghaidh, ag cur i gcuntas, más gá, airgead a íocadh leis an mac léinn nó thar a cheann nó thar a ceann i leith an deontais a gcinnfidh sé nach bhfuil an mac léinn cáilithe lena aghaidh agus a íocadh leis an mac léinn le linn dó nó di a bheith cáilithe amhlaidh agus riaráistí, más ann, atá dlite do mhac léinn i leith aon tréimhse faoi *fho-alt (5)* ar scoireadh den íocaíocht lena linn, nó

(ii) a iarraidh ar an mac léinn aon airgead a thabhairt ar ais a íocadh leis an mac léinn nó thar ceann an mhic léinn i ndáil leis an deontas a gcinnfidh sé nach bhfuil an mac léinn cáilithe lena aghaidh le linn na tréimhse nach raibh an mac léinn cáilithe amhlaidh, i gcás inar mó an deontas nach bhfuil an mac léinn cáilithe ina leith ná an deontas a bhfuil an mac léinn cáilithe lena aghaidh, ag cur riaráistí i gcuntas, más ann, atá dlite don mhac léinn i leith aon tréimhse faoi *fho-alt (5)* ar scoireadh den íocaíocht lena linn,

nó

(*c*) nach bhfuil sé nó sí cáilithe le haghaidh an deontais a ndearnadh cinneadh i ndáil leis faoi *alt 18(6)(a)*, agus, dá réir sin, mura ndearna an t-údarás amhlaidh cheana féin faoi *fho-alt (5)*, scoirfidh sé láithreach den deontas a íoc agus iarrfaidh sé ar an mac léinn aon airgead a thabhairt ar ais a íocadh leis an mac léinn nó thar ceann an mhic léinn i leith an deontais nuair nach raibh an mac léinn cáilithe amhlaidh.

(7) Déanfaidh an t-údarás dámhachtana, a luaithe is féidir, fógra i scríbhinn a thabhairt don mhac léinn faoin gcinneadh faoin alt seo agus na cúiseanna atá leis agus cuirfidh sé a cheart nó a ceart chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig oifigeach achomhairc in iúl don mhac léinn.

(8) Tiocfaidh cinneadh údaráis dámhachtana faoin alt seo in éifeacht ar fhógra a thabhairt faoi *fho-alt (7).*

Achomhairc chuig oifigigh achomhairc.

20.—(1) Déanfaidh údarás dámhachtana cibé comhaltaí agus cibé líon comhaltaí is cuí leis d'fhoireann an údaráis a ainmniú chun bheith ina n-oifigigh achomhairc faoin alt seo agus beidh duine a ainmneofar amhlaidh ina oifigeach achomhairc nó ina hoifigeach achomhairc ar feadh cibé tréimhse a chinnfidh an t-údarás.

(2) I gcás inarb éagóir le hiarratasóir cinneadh ó údarás dámhachtana faoi *alt 18(6)*, ansin féadfaidh an t-iarratasóir, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis fógra an chinnidh a fháil, achomharc a dhéanamh chuig an oifigeach achomhairc i gcoinne an chinnidh sin.

(3) I gcás inarb éagóir le mac léinn fógra ó údarás dámhachtana faoi *alt 19(3)* lena gceanglaítear faisnéis a thabhairt, nó cinneadh faoi *alt 19(6)* ó údarás dámhachtana ansin féadfaidh an mac léinn, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis fógra an chinnidh a fháil, achomharc a dhéanamh chuig an oifigeach achomhairc i gcoinne an fhógra sin nó an chinnidh sin.

(4) Féadfaidh an t-oifigeach achomhairc (ar iarraidh i scríbhinn ón iarratasóir nó ón mac léinn, de réir mar a bheidh) an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó *(3)* a fhadú go ceann tréimhse breise nach faide ná 30 lá más deimhin leis an oifigeach achomhairc go bhfuil cúis réasúnach tugtha ag an duine chun fadú a dhéanamh amhlaidh.

(5) Déanfaidh an t-oifigeach achomhairc achomharc faoin alt seo a chinneadh laistigh de 30 lá ón tráth a dhéanfar an t-achomharc agus féadfaidh gur cinneadh an cinneadh sin chun an cinneadh nó an iarraidh, de réir mar a bheidh, ón údarás dámhachtana lena mbaineann a dhaingniú, a athrú nó a chur ar ceal agus, de réir mar is cuí, ordachán a thabhairt don údarás dámhachtana a chinneadh nó a cinneadh a chomhlíonadh.

(6) Tabharfaidh an t-oifigeach achomhairc fógra i scríbhinn don iarratasóir nó don mhac léinn, de réir mar a bheidh, agus don údarás dámhachtana faoin gcinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis.

(7) Le linn don oifigeach achomhairc fógra a thabhairt d'iarratasóir nó do mhac léinn faoi *fho-alt (6)*, cuirfidh sé nó sí in iúl dó nó di go bhfuil an ceart aige nó aici achomharc a dhéanamh a chuig an mBord Achomhairc i gcoinne an chinnidh agus, más infheidhme, nach bhféadfaidh an t-údarás dámhachtana lena mbaineann ach íocaíochtaí de bhun cinnidh faoi *fho-alt (5)* a dhéanamh leis an iarratasóir nó leis an mac léinn go dtí go mbeidh toradh ar a achomharc nó a hachomharc chuig an mBord Achomhairc.

(8) Comhlíonfaidh an t-údarás dámhachtana ordachán a thabharfar dó faoi *fho-alt (5).*

(9) Le linn achomharc a chinneadh faoin alt seo, déanfaidh an t-oifigeach achomhairc amhlaidh de réir nósanna imeachta a bheidh forordaithe ag an Aire chun na críche sin de bhun *fho-alt (10).*

(10) Féadfaidh an tAire nósanna imeachta a fhorordú i leith oifigeach achomhairc do chinneadh achomhairc de bhun an ailt seo agus féadfaidh sé nó sí foráil a dhéanamh maidir le nithe amhail—

(*a*) faisnéis a bheidh le tabhairt don oifigeach agus cé na páirtithe a thabharfaidh í, agus

(*b*) a chinntiú go ndéanfar an cinneadh leis an bhfoirmiúlacht is lú a bheidh ar comhréir le héisteacht chóir a thabhairt don duine a bheidh ag déanamh an achomhairc.

Achomhairc chuig an mBord Achomhairc.

21.—(1) I gcás inarb éagóir le hiarratasóir nó le mac léinn cinneadh ó oifigeach achomhairc faoi *alt 20(5)*, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc i gcoinne an chinnidh sin.

(2) Déanfar achomharc tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis fógra i dtaobh chinneadh an oifigigh achomhairc a thabhairt don iarratasóir.

(3) Féadfaidh an Bord Achomhairc (ar iarraidh i scríbhinn ón iarratasóir) an tréimhse a luaitear i *bhfo-alt (2)* a fhadú go ceann tréimhse breise nach faide ná 30 lá más deimhin leis an mBord Achomhairc go bhfuil cúis réasúnach tugtha ag an duine chun fadú a dhéanamh amhlaidh.

(4) Maidir leis an mBord Achomhairc—

(*a*) beidh sé neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo,

(*b*) ní bheidh air cloí leis na forais ar a raibh cinneadh an údaráis dámhachtana nó an oifigigh achomhairc lena mbaineann bunaithe, ach féadfaidh sé breith a thabhairt ar an ní is ábhar don achomharc amhail is dá mbeadh breith á tabhairt air den chéad uair,

(*c*) déanfaidh sé, de réir mar is cuí leis, aighneachtaí scríofa nó ó bhéal arna ndéanamh ag an iarratasóir nó ag an mac léinn lena mbaineann a bhreithniú agus rachaidh sé i gcomhairle leis an údarás dámhachtana nó leis an oifigeach achomhairc,

(*d*) déanfaidh sé cinneadh laistigh de 60 lá ón tráth a dhéanfar achomharc, agus féadfar gurb éard é an cinneadh sin cinneadh chun—

(i) an cinneadh is ábhar don achomharc a dhaingniú,

(ii) an cinneadh a chúlghairm agus cibé cinneadh eile is cuí leis an mBord Achomhairc a chur ina ionad, nó

(iii) an ní lena mbaineann a tharchur ar ais chuig an údarás dámhachtana lena athbhreithniú de réir cibé ordachán is cuí leis an mBord Achomhairc,

agus

(*e*) tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir nó don mhac léinn agus don údarás dámhachtana agus don oifigeach achomhairc lena mbaineann faoin gcinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis.

(5) Le linn dó achomharc faoin Acht seo a bhreithniú agus a chinneadh, gníomhóidh Bord Achomhairc de réir cibé nósanna imeachta a chinnfidh sé ó am go ham le toiliú an Aire.

(6) Féadfaidh aon duine (lena n-áirítear údarás dámhachtana) arb éagóir leis cinneadh ón mBord Achomhairc, achomharc a dhéanamh, le cead ón mBord Achomhairc, nó i gcás ina ndiúltóidh an Bord Achomhairc cead den chineál sin, le cead ón Ard-Chúirt, chun na hArd-Chúirte i gcoinne an chinnidh ar phonc sonraithe dlí.

(7) Comhlíonfaidh an t-údarás dámhachtana ordachán a thabharfar dó faoi *fho-alt (4)*.

Oifigeach fiosrúcháin.

22.—(1) Féadfaidh údarás dámhachtana comhalta dá fhoireann nó, le toiliú údaráis dámhachtana eile, comhalta foirne den údarás dámhachtana eile sin a cheapadh chun bheith ina oifigeach fiosrúcháin nó ina hoifigeach fiosrúcháin chun críocha an ailt seo.

(2) Tabharfar barántas ceapacháin do gach oifigeach fiosrúcháin a cheapfar faoin alt seo agus déanfaidh sé nó sí, an tráth a bheidh aon chumhacht a thugtar dó nó di leis an alt seo á feidhmiú aige nó aici, an barántas ceapacháin nó cóip de agus foirm céannachta pearsanta a thabhairt ar aird d'aon duine dá ndéantar difear má iarrann an duine sin air nó uirthi é.

(3) Scoirfidh ceapachán faoin alt seo mar oifigeach fiosrúcháin—

(*a*) má chúlghaireann an t-údarás dámhachtana an ceapachán,

(*b*) más ceapachán ar feadh tréimhse socraithe an ceapachán, ar an tréimhse sin a bheith caite, nó

(*c*) má scoireann an duine a cheapfar de bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach don údarás dámhachtana.

(4) Déanfaidh oifigeach fiosrúcháin imscrúdú agus féadfaidh sé nó sí, agus má ordaíonn an t-údarás dámhachtana dó nó di déanamh amhlaidh, déanfaidh sé nó sí, tuarascálacha eatramhacha a thabhairt don údarás dámhachtana agus ar chríoch a chur leis an imscrúdú tabharfaidh sé nó sí tuarascáil chríochnaitheach don údarás dámhachtana—

(*a*) i ndáil le hiarratas ar dheontas, nó

(*b*) i ndáil le haon cheist a eascraíonn maidir le deontas nó i ndáil leis,

a tharchuirfidh an t-údarás dámhachtana chuige nó chuici.

(5) D'ainneoin aon ní i *bhfo-alt 4*, féadfaidh oifigeach fiosrúcháin, aon tráth i gcúrsa an imscrúdaithe, gan é bheith riachtanach tuarascáil eatramhach a thabhairt, nithe ar tháinig sé nó sí ar an eolas fúthu de thoradh an fhiosrúcháin agus a thaispeánann go ndearnadh cion a chur in iúl don údarás dámhachtana.

(6) Déanfaidh mac léinn a fhaigheann íocaíocht, nó atá le híocaíocht a fháil, i leith deontais—

(*a*) na leabhair, na doiciméid agus na taifid eile go léir maidir le haon cheist a eascraíonn maidir leis an deontas nó i ndáil leis nó maidir leis an iarratas ar dheontas nó i ndáil leis atá ina sheilbh nó ina seilbh, faoina rialú nó ar fáil aige nó aici, a thabhairt ar aird d'oifigeach fiosrúcháin,

(*b*) freastal os comhair oifigigh fiosrúcháin, agus

(*c*) gach cúnamh atá ar a chumas nó ar a cumas le réasún a thabhairt i dtaca leis an bhfiosrúchán, a thabhairt don oifigeach fiosrúcháin,

nuair a iarrfaidh oifigeach fiosrúcháin air nó uirthi déanamh amhlaidh.

(7) Má mheasann oifigeach fiosrúcháin maidir le duine (seachas mac léinn a fhaigheann íocaíocht, nó atá le híocaíocht a fháil, i leith deontais nó iarratasóra) go bhfuil sé nó sí, nó go bhféadfadh sé nó sí a bheith, i seilbh aon fhaisnéise maidir le haon cheist a eascraíonn maidir leis an deontas nó i ndáil leis nó maidir leis an iarratas ar an deontas lena mbaineann nó i ndáil leis, féadfaidh an t-oifigeach fiosrúcháin a cheangal ar an duine sin—

(*a*) na leabhair, na doiciméid agus na taifid eile go léir maidir leis an deontas nó leis an iarratas lena mbaineann atá ina sheilbh nó ina seilbh, faoina rialú nó ar fáil aige nó aici, a tabhairt ar aird dó nó di,

(*b*) freastal os a chomhair nó os a comhair, agus

(*c*) gach cúnamh atá ar a chumas nó ar a cumas le réasún a thabhairt i dtaca leis an bhfiosrúchán, a thabhairt dó nó di.

(8) Féadfaidh oifigeach fiosrúcháin iarratasóir, mac léinn a fhaigheann deontas nó atá le deontas a fháil, nó duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (7),* a scrúdú faoi mhionn i ndáil le hiarratas ar dheontas agus féadfaidh sé nó sí duine a chur faoi mhionn dá réir sin.

(9) Aon duine a sháróidh an t-alt seo nó a mhainneoidh ceanglas faoin alt seo a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(10) Ní bheidh ráiteas nó admháil ó dhuine de bhun ceanglais faoin alt seo inghlactha i bhfianaise in imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne duine mar gheall ar chion (seachas mar gheall ar chion faoin alt seo)

(11) In imeachtaí arna dtionscnamh i gcoinne duine mar gheall ar chion faoin alt seo arb éard é mainneachtain aige nó aici leabhar, doiciméad nó taifead eile a thabhairt ar aird is cosaint don duine é a chruthú nach raibh an leabhar, an doiciméad nó an taifead eile ina sheilbh nó ina seilbh, faoina rialú nó ar fáil aige nó aici an tráth a ceanglaíodh air nó uirthi é a thabhairt ar aird agus nárbh fhéidir leis nó léi le réasún an tráth sin an ceanglas a chomhlíonadh.

(12) Ní oibreoidh aon ní san alt seo chun a cheangal ar dhuine leabhair, doiciméid nó taifid eile a thabhairt ar aird d'oifigeach fiosrúcháin, nó aon fhaisnéis a sholáthar, a mbeadh sé nó sí i dteideal diúltú iad a thabhairt ar aird nó a sholáthar ar fhorais pribhléide gairmiúla dlíthiúla nó ní údaróidh aon ní san alt seo seilbh a ghlacadh ar aon leabhair, doiciméid nó taifid den sórt sin.

(13) Íocfaidh an t-údarás dámhachtana lena mbaineann na caiteachais a bhainfidh agus a ghabhfaidh le himscrúdú ag oifigeach fiosrúcháin.

(14) Más rud é maidir le duine—

(*a*) go gciontaítear é nó í ar díotáil i gcion in imeachtaí mar gheall ar chion, nó

(*b*) go n-ordófar dó nó di suimeanna a íoc le húdarás dámhachtana in imeachtaí faoi *alt 24(3),*

arna dtionscnamh de bharr imscrúdú faoin alt seo, féadfaidh an chúirt sna himeachtaí sin a ordú don duine cibé suimeanna a íoc leis an údarás dámhachtana a shonróidh sí nach mó ná aon mhéid a bheidh íoctha ag an údarás dámhachtana faoi *fho-alt (13)* i leith an imscrúdaithe sin.

Cionta agus pionóis.

23.—(1) Aon duine—

(*a*) a dhéanann faisnéis a thabhairt d'údarás dámhachtana, d'oifigeach achomhairc nó don Bhord Achomhairc is faisnéis atá bréagach nó míthreorach, agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó atá meargánta i dtaobh í a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh,

(*b*) a mhainníonn *alt 19(2)(a)* nó *19(2)(b)* a chomhlíonadh, nó

(*c*) a dhéanann faisnéis a thabhairt i gcomhlíonadh airbheartaithe *alt 19(2)(a)* nó *19(2)(b)* agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó atá meargánta i dtaobh í a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) D'ainneoin aon ní eile san Acht seo nó i rialacháin arna ndéanamh faoi nó in ordú arna dhéanamh faoi, ní bheidh duine cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas aon tráth le linn na tréimhse 10 mbliana tar éis an duine a chiontú i gcion faoin Acht seo.

Fiach a ghnóthú.

24.—(1) I gcás ina mbeidh airgead faighte ag duine, cibé acu is mac léinn é nó í nó nach ea, ó údarás dámhachtana i leith deontais nach bhfuil an duine i dteideal a fháil, dlífidh an duine suim nach mó ná an méid airgid a fuarthas a aisíoc leis an údarás dámhachtana ar éileamh.

(2) I gcás ina n-íocann údarás dámhachtana airgead i leith deontais le foras ceadaithe, measfar an t-airgead a bheith faighte ag an mac léinn ar íocadh an t-airgead thar a cheann nó thar a ceann.

(3) Beidh na suimeanna go léir a bheidh dlite d'údarás dámhachtana faoin Acht seo inghnóthaithe mar fhiacha a bheidh dlite don Stát agus, gan dochar d'aon leigheas eile, féadfaidh an t-údarás dámhachtana iad a ghnóthú mar fhiach faoi reacht nó mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

An Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn.

25.—(1) Déanfaidh an tAire le hordú laistigh de 12 mhí ó thosach feidhme *alt 18* lá a ainmniú chun bheith ina lá bunaithe chun críocha *fho-alt (2)*.

(2) Ar an lá bunaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, beidh arna bhunú comhlacht ar a dtabharfar an Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn, nó, sa Bhéarla, *The Student Grants Appeals Board* (ar a dtabharfar agus dá ngairtear "an Bord Achomhairc" san Acht seo) chun achomhairc a dhéanfar de bhun an Achta seo a bhreithniú agus a chinneadh.

(3) Féadfaidh an Bord Achomhairc suí ina rannáin de féin chun achomhairc a bhreithniú.

(4) Faoi réir *alt 26*, is iad a bheidh ar an mBord Achomhairc cathaoirleach agus cibé líon gnáthchomhaltaí a chinnfidh an tAire ach nach mó ná 11 duine é in aon chás.

(5) Déanfaidh an tAire an cathaoirleach agus na gnáthchomhaltaí den Bhord Achomhairc a cheapadh as measc daoine a bhfuil leas ar leith nó saineolas acu i nithe, nó eolas acu ar nithe, a bhaineann leis an oideachas, le scéimeanna íocaíochtaí a riaradh nó le nósanna imeachta cothroma.

(6) Is éard a bheidh i dtéarma oifige an chathaoirligh agus na ngnáthchomhaltaí den Bhord Achomhairc cibé tréimhse a chinnfidh an tAire ach ar tréimhse í nach faide ná 5 bliana mura túisce a éagfaidh nó a scoirfidh an cathaoirleach nó an comhalta eile.

(7) Ní bheidh aon duine i seilbh oifige mar chathaoirleach nó mar ghnáthchomhalta den Bhord Achomhairc ar feadh níos mó ná 2 théarma chomhleanúnacha oifige.

(8) Maidir leis an gcathaoirleach nó le gnáthchomhalta den Bhord Achomhairc—

(*a*) féadfaidh sé nó sí éirí as oifig trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire,

(*b*) féadfaidh an tAire é nó í a chur as oifig tráth ar bith más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil sé nó sí tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach nó gur mhí-iompair sé nó sí é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe.

(9) I gcás ina gcríochnaíonn téarma oifige comhalta den Bhord Achomhairc ar shlí seachas mar gheall ar imeacht aimsire, sonrófar gurb í tréimhse oifige an duine a cheapfar chun an folúntas a líonadh a tharla de thoradh an duine eile sin do scor de bheith i seilbh oifige an tréimhse de théarma oifige an duine eile sin a bheidh gan chaitheamh.

(10) Íocfar leis an gcathaoirleach agus leis na gnáthchomhaltaí den Bhord Achomhairc cibé táillí agus cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

(11) Scoirfidh comhalta den Bhord Achomhairc de bheith cáilithe le haghaidh comhaltais den Bhord Achomhairc agus scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chineál sin más rud é—

(*a*) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,

(*b*) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe, nó

(*c*) go ngearrfaidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi.

(12) Más rud é maidir le comhalta den Bhord Achomhairc—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun Cuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord Achomhairc.

(13) Aon duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is ionadaí i bParlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina ionadaí nó ina hionadaí den sórt sin, dícháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha mar chomhalta den Bhord Achomhairc.

(14) Féadfaidh an tAire cibé tacaíocht de chineál riaracháin a thabhairt don Bhord Achomhairc is gá i dtuairim an Aire chun go bhféadfaidh an Bord a fheidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

Ceapachán sealadach chun an Bhoird Achomhairc.

26.—(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, líon ghnáthchomhaltaí an Bhoird Achomhairc a mhéadú i gcás gurb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil líon na n-achomharc arna ndéanamh faoi *alt 21* de shórt gur gá aon chomhalta amháin nó níos mó ná aon chomhalta amháin a cheapadh chun a chumasú don Bhord Achomhairc a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt sin faoi réir an choinníll gurb éard é an Bord Achomhairc líon nach mó aon tráth ná 15 dhuine lena n-áirítear an cathaoirleach.

(2) D'ainneoin *alt 5*, i gcás ina mbeartaíonn an tAire ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(3) Beidh feidhm ag *alt 25(5)* maidir le duine a cheapadh le hordú faoi *fho-alt (1)* mar atá feidhm aige chun críocha an ailt sin.

(4) Beidh éifeacht le hordú faoi *fho-alt (1)* ar feadh cibé tréimhse nach faide ná 5 bliana a shonrófar san ordú.

Tuarascáil ón mBord Achomhairc.

27.—Déanfaidh an Bord Achomhairc tuarascáil faoina chuid gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire i gceann cibé eatraimh agus i cibé slí agus foirm a ordóidh an tAire.

CUID 3

ILGHNÉITHEACH

Sonraí pearsanta a phróiseáil.

28.—(1) D'ainneoin aon ní sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 nó in aon achtachán eile, déanfaidh rialaitheoir sonraí duine atá liostaithe i *Sceideal 2*, nó duine atá forordaithe de thuras na huaire de bhun *fho-alt (2)* (dá ngairtear "an duine céadluaite") ar rialaitheoir sonraí duine atá liostaithe nó forordaithe amhlaidh, a iarraidh air nó uirthi déanamh amhlaidh, sonraí pearsanta a bheidh á gcoimeád ag an duine céadluaite, nó faisnéis arna baint as sonraí den sórt sin, a phróiseáil chuig rialaitheoir sonraí an duine eile atá liostaithe nó forordaithe amhlaidh de thuras na huaire, más deimhin le rialaitheoir sonraí an duine céadluaite nach n-úsáidfear iad ach chun críche iomchuí, agus chuige sin amháin.

(2) Más rud é go gcoimeádann duine (nach duine atá liostaithe i *Sceideal 2* nó forordaithe de thuras na huaire faoin bhfo-alt seo) sonraí pearsanta atá iomchuí maidir le haon cheann d'fheidhmeanna údaráis dámhachtana, oifigigh fiosrúcháin, oifigigh achomhairc nó an Bhoird Achomhairc agus go measann an tAire go gcuideodh an soláthar sonraí sin ag an duine nach bhfuil liostaithe nó forordaithe amhlaidh chuig duine atá liostaithe nó forordaithe amhlaidh le críoch iomchuí a bhaint amach, ansin, féadfaidh an tAire, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí, an duine sin a fhorordú chun críocha *fho-alt (1)*.

(3) Ní mó aon phróiseáil sonraí pearsanta chun críocha *fho-alt (1)* ná an phróiseáil is gá le réasún chun an chríoch iomchuí a bhaint amach.

(4) Féadfaidh rialaitheoir sonraí iarraidh faoi *fho-alt (1)* a dhiúltú, más deimhin leis nó léi nach mbeadh údar léi in aon chás áirithe de bhrí go ndéanfaí dochar do chearta agus saoirsí bunúsacha nó do leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí.

(5) San alt seo—

tá le "rialaitheoir sonraí" an bhrí a thugtar dó leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003;

tá le "sonraí pearsanta" an bhrí a thugtar dó leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003;

tá le "próiseáil" an bhrí a thugtar dó leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003;

ciallaíonn "críoch iomchuí" an chríoch arb éard í—

(*a*) faisnéis a fháil d'fhonn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil iarratasóir cáilithe le haghaidh deontais,

(*b*) sonraí a sholáthraítear mar chuid den phróiseas iarratais a fhíorú,

(*c*) sonraí a sholáthar d'fhonn cabhrú le fiosrúchán faoi *alt 22* nó le cion a ionchúiseamh faoi *alt 23*,

(*d*) cabhrú i bpróiseáil iarratais ar dheontas ag mac léinn agus cabhrú chun deontais a íoc le mic léinn, agus

(*e*) a fhíorú go bhfuil mac léinn rollaithe agus cláraithe, de réir rialacha forais cheadaithe, agus go bhfuil sé nó sí ag leanúint de bheith ag freastal ar chúrsa ceadaithe ag foras ceadaithe.

Scéimeanna deontas a dhaingniú.

29.—(1) Daingnítear leis seo na hionstraimí go léir a airbheartaíonn gur scéimeanna iad a bhí i bhfeidhm roimh theacht i ngníomh don alt seo agus a bheith ceadaithe ag an Aire faoi alt 5 den Acht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968 roimh an Acht seo a rith.

(2) Daingnítear leis seo na scéimeanna go léir (seachas scéimeanna lena mbaineann ionstraimí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*) chun deontais a sholáthar agus a riaradh d'fhonn a chumasú do dhaoine freastal ar chúrsaí ardoideachais agus breisoideachais arna

gceadú ag an Aire agus a airbheartaíonn a bheith i bhfeidhm roimh theacht i ngníomh don alt seo.

(3) Dá mba rud é go mbeadh an t-alt seo, murach an fo-alt seo, ar neamhréir le ceart bunreachtúil aon duine, beidh oibriú an fho-ailt seo faoi réir cibé teorannú is gá chun a áirithiú nach mbeidh sé ar neamhréir amhlaidh ach go mbeidh lánfheidhm aige agus lánéifeacht leis thairis sin.

Pleananna rochtana agus beartas comhionannais.

30.—(1) Baineann an t-alt seo le forais cheadaithe a oibríonn sa Stát seachas—

(*a*) na forais sin lena mbaineann Acht na nOllscoileanna, 1997 de bhun alt 4 den tAcht sin,

(*b*) Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath,

(*c*) na forais sin lena mbaineann Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 de bhun alt 3(1) (arna leasú leis an Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006) den tAcht sin.

(2) Déanfaidh foras ceadaithe lena mbaineann an t-alt seo, a luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis an trátha a thosaíonn feidhm an ailt seo, agus uair amháin ar a laghad gach 3 bliana ina dhiaidh sin, a cheangal ar a phríomhoifigeach dréachtphlean rochtana maidir le beartais an fhorais a ullmhú—

(*a*) i leith rochtain ar an bhforas ag daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialach, ag daoine atá faoi mhíchumas agus ag daoine ó earnálacha den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht shuntasach i gcuallacht na mac léinn, agus

(*b*) i leith comhionannais, lena n-áirítear comhionannas inscne, i ngníomhaíochtaí uile an fhorais,

agus beidh aird ag an bpríomhoifigeach, le linn dó nó di an ráiteas a ullmhú, ar cibé beartais maidir leis na nithe sin a chinnfidh an tAire ó am go ham.

(3) Déanfaidh údarás ceannais forais cheadaithe lena mbaineann an t-alt seo, ag féachaint do na hacmhainní a bheidh ar fáil dó, laistigh de mhí amháin ón tráth a ullmhaítear an dréachtphlean rochtana dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, é a cheadú gan mhodhnú nó, tar éis dul i gcomhairle leis an bpríomhoifigeach, é a cheadú fara cibé modhnuithe is cuí leis.

(4) Déanfaidh foras ceadaithe lena mbaineann an t-alt seo na beartais atá leagtha amach ina phlean rochtana arna cheadú faoi *fho-alt (3)* a chur i ngníomh.

(5) Chun críocha an ailt seo beidh brí ag na téarmaí "príomhoifigeach" agus "údarás ceannais" maidir le foras lena mbaineann an t-alt seo a fhreagraíonn don bhrí a thugtar do na téarmaí sin faoi Acht na nOllscoileanna, 1997 maidir le hollscoil lena mbaineann an tAcht sin.

Alt 6.

SCEIDEAL 1

Bliain agus Uimhir (1)	Gearrtheideal (2)
Uimh. 24 de 1968	An tAcht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968
Uimh. 26 de 1978	An tAcht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1978
Uimh. 19 de 1992	An tAcht um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1992

SCEIDEAL 2 *Alt 28.*

1. An tAire.

2. An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

3. An tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí.

4. An tAire Coimirce Sóisialaí.

5. Na Coimisinéirí Ioncaim.

6. Údarás dámhachtana.

7. An Bord Achomhairc.

8. Foras ceadaithe.

9. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

10. An tÚdarás um Ard-Oideachas.

11. Údarás áitiúil.

12. Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.

13. Duine a bhfuil comhaontú déanta ag údarás dámhachtana leis nó léi faoi *alt 13*.